GX1254

OLLSCOIL NÁISIÚNTA NA HÉIREANN, GAILLIMH
DARA BLIAN
HI253: TEAGHLACH, OBAIR AGUS INSCNE IN ÉIRINN 1850-1922

An tOllamh Marianne Elliott
An Dr.Seán Duffy
Owen Dudley Edwards
An Oll.N.Canny
An Dr. C.Clear.

Dhá uair a chloig
Freagair **trí** cheist

1. Ar tháinig leathnú nó caolú ar dheiseanna oibre [i.e. obair ar phá] ar fáil do dhaoine sna bailte móra agus sna cathracha, 1850-1922? Dein tagairt do ghnéithe inscneach agus aicmiúil i do fhreagra.

2. Tabhair cuntas ar na hathraithe a tháinig ar an saol sa talmhaíocht, ó thaobh obair laethúil, tar éis an Ghorta, i measc gach saghas fheirmeora.

3. Cé acu a bhí níos buntáistithe, an bhean tí ar an bhfeirm nó an bhean tí sa chathair/baile mór? Déan tagairt do gach aicme sóisialta i do fhreagra.

4.Cén fáth ar bunaíodh an Irish Trades Union Congress in 1894? Arb fhreagra oiriúnach seo ar an ghluaiseacht ceardchumannach 1850í go 1894?

5.Arb botún stráitéiseach é an LockOut i 1913 do ghluaiseacht ceardchumannach na hEireann? Cuir do fhreagra i gcómhtheasc na gluaiseachta ó 1894-1922.

6. Cén fáth gur bhris 'cogadh na talún' éigin amach in 1879? Dein tagairt do ghnéithe eacnamaíocha agus sóisialta i do fhreagra.

7. 'Níorb leanúint ar aghaidh loighiciúil ar 'chogadh na talún' é an Plan of Campaign, ach chaoi inar tugadh chun solais go héifeachtach lochtanna feachtais an Land League'. Pléigh, ag tagairt don tréimhse 1880-1891, ag tabhairt príomhú do ghnéithe eacnamaíocha agus sóisialta, seachas gnéithe polaitiúla.

8. 'B'ionann fásadh suas in Eirinn [sna blianta 1850-1922] agus ullmhú chun dul thar lear'. (David Fitzpatrick). An dtéann an breithiúnas seo thar fóir?

nó

Mínigh tábhacht na himirce séasúrach **nó** na himirce bhuain do dhaoine agus cónaí buan orthu in Eireann, sna blianta seo.

9. Cén fáth go raibh ráta aontumhachta buain chomh hard sin in Eirinn sna blianta seo (i measc daoine nárb sagairt/bráithreacha/mná rialta iad)?

nó

Pléigh an ghnáth-dhearcadh gurb rud gruama agus fuarchúiseach é, don chuid is mó, an pósadh in Eirinn tar éis an Ghorta, agus gurb shocrú eacnamaíoch é in ionad bheith ina shocrú grámhar.

10. Pléigh áiseanna agus achmhainní ar fáil do bhuachaillí agus do chailíní san oideachas, in Eirinn, 1850-1922.

11. Cad ab iad na buanna a bhí ag mná i gníomhaíocht pholaitiúil c.1870í-1922? Conas nár éirigh leo?